



An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2020
(OR. en)

8567/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0106 (COD)**

**ECOFIN 473
COMPET 258
RECH 223
ENER 196
TRANS 241
ENV 329
EDUC 244
SOC 389
EMPL 307
EF 97
AGRI 165
TELECOM 79
CODEC 462**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Bealtaine 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 404 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 a mhéid a bhaineann le cruthú na hlonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 404 final.

Faoi iamh: COM(2020) 404 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.5.2020
COM(2020) 404 final

2020/0106 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 a mhéid a bhaineann le cruthú na hIonstraime
um Thacaíocht Sócmhainneachta**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá an Coimisiún ag beartú leas a bhaint as cumhacht iomlán bhuiséad an Aontais chun an infheistíocht a shlógadh agus chun tús áite a thabhairt do thacaíocht airgeadais i mblianta tosaigh rithabhachtacha an téarnaimh. Tá na tograí sin bunaithe ar thrí cholún:

- méadú ar na huasteorainneacha faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 le go mbeifear in ann bearta a chur chun feidhme láithreach laistigh den Aontas agus níos faide anonn mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19;
- ionstraim Eorpach um Théarnamh Éigeandála mar bheart eisceachtúil, bunaithe ar Airteagal 122 CFAE, a mbeidh a maoiniú bunaithe ar chumhachtú dá bhforáiltear sa togra le haghaidh Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse. Leis na cistí, beifear in ann bearta gasta a chur chun feidhme chun slite beatha a chosaint, cosc a mhéadú agus athléimneacht agus téarnamh a neartú mar fhreagairt ar an ngéarchéim;
- creat Airgeadais Ilbhliantúil athneartaithe do 2021-2027.

Sa chomhthéacs sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí socheacnamaíocha diúltacha na paindéime COVID-19 d'oibrithe, do theaghlaigh agus do chuideachtaí san Aontas. Tá go leor comhlachtaí Eorpacha ag dul i ngleic le deacrachtaí sócmhainneachta cheana féin i ngeall ar an ngéarchéim agus cuirfear leis na fadhbanna de réir mar a leanfaidh na srianta ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta ar aghaidh agus beidh tionchar ag rialacha an scartha shóisialta ar ghníomhaíochtaí gnó i roinnt mhaith earnálacha. D'fhéadfadh deacrachtaí fada a bheith ann fiú thar an ngaibhniú atá ann faoi láthair agus d'fhéadfaidís na héagothromaíochtaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair idir na Ballstáit agus laistigh díobh a dhoimhniú.

Is deacair líon cruinn a chur ar na riachtanais deisithe cothromais a eascraíonn as tionchar eacnamaíoch phaindéim COVID-19. Tugann meastacháin an Choimisiúin a dhíorthaítear ó shonraí ar leibhéal gnólachta le fios go bhféadfadh na riachtanais sin a bheith sa réigiún de EUR 720 billiún in 2020 i gcás ina dtiocfadh an cás bunlíne a bhí mar bhonn le Réamhaisnéis an Earraigh chun cinn. Bheadh na riachtanais sin i bhfad níos airde i gcás ina bhfanadh na bearta glasála i bhfeidhm níos faide ná mar a glacadh leis i Réamhaisnéis an Earraigh, nó i gcás ina gcaithfear iad a athfhorchur i ngeall ar athbhorradh ar an ráig. I gcás struis, ina dtuarfaí fás 2020 OTI ag -15.5 %, d'fhéadfadh ardú EUR 1.2 trilliún teacht ar an tionchar díreach ar chothromas na gcuideachtaí corpraithe uile (liostaithe agus neamhliostaithe) sna 27 mBallstát. Mura dtugtar aghaidh ar na heasnaimh chaipitil sin is é a d'fhéadfadh teacht astu tréimhse fhada d'infheistíocht níos ísle agus d'fhostaíocht níos airde. Ní bheidh tionchar an easnaimh caipitil mar an gcéanna ar fud earnálacha, réigiúnacha, éiceachóras tionsclaíoch agus na mBallstát agus is é rud a thiocfadh as sin neamhréireachtaí sa mhargadh aonair. Go ginearálta, braitheann an chuid is mó d'éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa ar shlabhraí soláthair casta atá scaipthe ar fud na mBallstát sa Mhargadh Aonair.

Is measa fós an neamhréireacht sin toisc go bhfuil difríocht mhór an acmhainneacht státhabhair a chur ar fáil ó Bhallstát go Ballstát.

Cuirtear ar aghaidh leis an togra seo ionstraim shealadach atá bunaithe ar chothromas, a mbeidh an tréimhse infheistíochta i ndáil leis an ionú tacaíochta sócmhainneachta ar siúl ina leith go ginearálta go dtí deireadh 2024 i dtéarmaí fhormheas an Choiste Infheistíochta agus chomhlachtaí rialaithe BEI/CEI agus go dtí deireadh 2026 i dtéarmaí shíniú na n-oibríochtaí.

Is iad na cuideachtaí a dtabharfar tacaíocht dóibh faoin togra na cuideachtaí sin a bhfuil samhail ghnó inmharthana acu ach bhfuil srian sócmhainneachta orthu de bharr na géarchéime COVID-19. Is é an cuspóir atá leis sin cabhrú leo teacht slán ón tréimhse dheacair seo ionas go mbeidh siad fós in ann feidhmiú tráth an téarnaimh.

Cuspóir eile de chuid an togra is ea an saobhadh a bhfuiltear ag súil leis sa Mhargadh Aonair a fhrithchothromú, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh dóthain acmhainní buiséadacha ar fáil ag Ballstáit áirithe chun tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil do chuideachtaí atá i ngátar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh difríochtaí móra a bheith ann idir na bearta tacaíochta náisiúnta sócmhainneachta atá ar fáil do chuideachtaí ar fud na mBallstát agus d'fhéadfadh cothrom iomaíochta neamhchothrom a bheith ann mar thoradh air sin. Thairis sin, ós rud é go bhfuil baol suntasach ann go mbeidh tionchar fadtéarmach ag COVID-19, d'fhéadfadh saobhadh sistéamach a bheith mar thoradh ar an easpa acmhainneachta sin chun cabhrú le cuideachtaí inmharthana, rud a chruthódh éagothromaíochtaí nua nó a dhaingneoidh éagothromaíochtaí atá ann cheana. Ós rud é go bhfuil geilleagar na hEorpa fite fuaite ina chéile, bheadh tionchar diúltach ag an gcor chun donais eacnamaíoch i gcuid amháin den Aontas ar shlabhraí soláthair trasteorann agus ar gheilleagar an Aontais ina iomláine. Os a choinne sin, ar an gcúis chéanna, bheadh tionchar iarmharta dearfach ag tacaíocht i gcuid amháin den Aontas ar shlabhraí soláthair trasteorann agus ar gheilleagar iomlán AE.

I gcomhthéacs an mhoillithe eacnamaíoch a spreag COVID-19, áit a bhfuil srian á chur ar an airgeadas poiblí, tá sé tábhachtach freisin acmhainní príobháideacha a shlógadh chun tacú le sócmhainneacht cuideachtaí inmharthana san Aontas a mhéid is féidir.

Cuirfear na cuspóirí sin chun feidhme trí ráthaíocht ón Aontas a sholáthar don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) faoi Rialachán CEIS¹. Beidh tacaíocht sócmhainneachta ina tríú ionú faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta de chuid CEIS – d'fhoill caipiteal príobháideach a shlógadh chun tacú le sócmhainneacht cuideachtaí incháilithe. Bainfidh Grúpa BEI úsáid as ráthaíocht AE chun infheistíocht a dhéanamh go príomha trí idirghabhálaithe nó chun an baol a laghdú d'infheisteoirí príobháideacha infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí incháilithe, rud a bhainfidh leas as acmhainní príobháideacha chun tacú leo. Déanfaidh Grúpa BEI amhlaidh trí chistí cothromais, meáin shainchuspóireacha, ardáin infheistíochta, bainc nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh a infheistiú, a ráthú nó a mhaoiniú nó, i gcás inar gá, trí infheistíochtaí díreacha nó socrúithe ábhartha eile.

Tá an togra seo mar chuid den tionscnamh foriomlán téarnaimh a d'fhógair an Coimisiún. Tá sé riachtanach ionstraim den sórt sin a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir in 2020, faoi thús Dheireadh Fómhair 2020 ar a dhéanaí, agus gur féidir í a imscaradh go tapa i rith na bliana 2021.

Beidh an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta ar fáil do gach Ballstát agus do na hearnálacha go léir a chumhdaítear le Rialachán CEIS, agus díreofar ar na Ballstáit sin is mó a ndearna éifeachtaí paindéime COVID-19 difear dá ngeilleagar agus/nó i gcás ina mbeidh an fháil ar thacaíocht maidir le sócmhainneacht Stáit níos teoranta. Is é an cuspóir atá leo cabhrú le hinmharthanacht cuideachtaí a athshlánú agus leas a bhaint as a n-acmhainneacht fáis, agus rannchuidiú ag an am céanna le tosaíochtaí an Aontais, amhail an t-aistriú glas agus digiteach nó an tacaíocht do ghníomhaíocht trasteorann san Aontas agus an ghné shóisialta agus

¹ Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).

cóineasú an Aontais a neartú. Beidh an tacaíocht ar fáil chun tairbhe chuspóirí uile an Rialacháin.

Chun cabhrú le cur i bhfeidhm na hIonstraime, féadfaidh na Ballstáit (i) meáin shainchuspóireacha náisiúnta a bhunú a d'fhéadfadh cur isteach ar thacaíocht faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta; (ii) infheistíocht a dhéanamh i gcomhréir le rialacha maidir le cúnamh Stáit in éineacht le ráthaíocht Grúpa BEI nó le hinfeistíocht, go díreach nó trí bhanc nó foras náisiúnta le haghaidh spreagtha, i gcistí nó i meáin shainchuspóireacha; agus (iii) cruthú cistí cothromais nó meáin shainchuspóireacha a éascú trí dhul i dteagmháil le hinfheisteoirí institiúideacha.

Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a bheith rannpháirteach i méadú caipitil féideartha (i mbabhta amháin nó níos mó) ar an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI), a mbeidh ról lárnach aige maidir le tacú leis an téarnamh eacnamaíoch trí ráthaíochtaí a eisiúint, oibríochtaí urrúsúcháin a dhéanamh agus tacú le hinfeistíochtaí cothromais ar fud an Aontais. Ba cheart clúdach airgeadais suas le EUR 500 000 000 a chur in áirithe sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil athbhreithnithe don tréimhse reatha chun na críche sin ionas go mbeidh an tAontas, a bhfuil an Coimisiún ina ionadaí dó, in ann a scair fhoriomlán i gcaipiteal CEI a choimeád.

Coinneofar struchtúr rialachais CEIS agus beidh feidhm aige maidir leis an tríú fuinneog. Faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta, formheasfaidh an Coiste Infheistíochta gach oibríocht maoinithe nó infheistíochta BEI, i.e. déanfaidh sé cinneadh maidir le ráthaíocht AE a dheonú i gciste, i meán sainchuspóireach, i mbanc nó in institiúid náisiúnta le haghaidh spreagtha nó i meán eile. I gcás oibríochtaí atá le déanamh ag CEI, téitear i gcomhairle leis an gCoiste Infheistíochta maidir leis na táirgí airgeadais atá formheasta ag an mBord Stiúrtha agus ag an Stiúthóir Bainistíochta faoina dtabharfaidh CEI na hoibríochtaí aonair i gcrích. Cinntí aonair chun na cuideachtaí a roghnú, a gheobhaidh tacaíocht idirghafa, déanfaidh an ciste nó an bainisteoir meán iad i gcomhréir leis na critéir arna mbunú i Rialachán CEIS agus leis na socruithe conarthacha ábhartha arna síniú le BEI. Féadfaidh an Coiste Infheistíochta an ceart a choimeád chun fo-oibríochtaí foluiteacha a fhorghnó i gcomhréir le Rialachán CEIS i gcás oibríochtaí maoinithe nó infheistíochta BEI. Níl na Ballstáit páirteach sa chinnteoireacht maidir le deonú ráthaíocht AE. A luaithé a rachaidh an Coiste Infheistíochta faoin Rialachán InvestEU² atá beartaithe i mbun a chuid feidhmeanna, is é an Coiste Infheistíochta a dhéanfaidh cúraimí an Choiste Infheistíochta faoi Rialachán CEIS.

I gcomhréir le Rialachán CEIS atá ann faoi láthair, ní bhunófar aon chuótaí geografacha. Coinnítear an sprioc maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Mar sin féin, saineoidh an Bord Stiúrtha sainteorainneacha tiúchana geografacha don ionú tacaíochta sócmhainneachta, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach faoin Rialachán seo d'fhonn a áirithiú, faoi seach, go dtacóidh formhór na ráthaíochta AE faoin Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta le cuideachtaí incháilithe sna Ballstáit agus in earnálacha is mó a ndearna paidéim COVID-19 difear eacnamaíoch dóibh agus go dtacóidh formhór na ráthaíochta sin le cuideachtaí incháilithe i mBallstáit, i gcás ina bhfuil infhaighteacht tacaíochta sócmhainneachta Stáit níos teoranta. D'áiritheofaí leis sin go stiúfáí ráthaíocht AE de réir mar is gá ar bhealach solúbtha. Is féidir na teorainneacha a thabhairt cothrom le dáta le himeacht ama i bhfianaise thionchair COVID-19, agus ag an am céanna ag seachaint go mbeadh tacaíocht ón Ionstraim dírithe ar líon teoranta Ballstát.

² Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár InvestEU (COM(2018)439), comhaontú páirteach maidir leis an togra reachtach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in Aibreán 2019.

Tacóidh an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta le cuideachtaí san Aontas a mbeadh rioscaí sócmhainneachta os a gcomhair, cé go mbeadh siad inmharthana, mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch de bharr paindéime COVID-19 (seachas iad siúd a mheastar a bheith i gcruachas i dtéarmaí státhabhrach³ ag deireadh 2019) d'fhonn iad a thabhairt ar ais chuig raon gnó inbhuanaithe agus brabúsach agus d'fhonn iad a fheabhsú. Leagfar amach critéir bhreise maidir le cothromas agus maoiniú hibrídeach sna treoirlínte infheistíochta nó bunófar iad sa chomhaontú ráthaíochta. Chun nach mbainfidh cuideachtaí a bhfuil rochtain acu ar mhaoiniú cothromais tairbhe as an Ionstraim agus chun a breisiócht a áirithiú, ba cheart an maoiniú cothromais a chur ar fáil ar théarmaí tráchtála nó de réir téarmaí cosúil leis an gCreat Sealadach um Chúnamh Stáit⁴ (amhail straitéis luacha saothair agus scoir), agus aird chuí á tabhairt ar chineál Eorpach na hIonstraime agus ar bhainistiú neamhspleách na gcistí agus meáin eile, agus éagothroime na margaí cothromais ar fud an Aontais a chur san áireamh. Déanfaidh BEI nó CEI an dícheall cuí maidir leis na cistí nó le feithiclí idirmheánacha eile i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta agus le cuspóirí an Ionú Tacaíochta Sócmhainneachta, le dícheall cuí ar na cuideachtaí foluiteacha arna ndéanamh ag na cistí nó ag feithiclí eile.

Bhunófaí na cistí nó na feithiclí idirmheánacha san Aontas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Comhlánaíonn an togra an tacaíocht infheistíochta agus an rochtain ar mhaoiniú atá ar fáil faoi Rialachán CEIS agus faoin Rialachán InvestEU atá beartaithe don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 trí thacaíocht a thabhairt do chuideachtaí a bhfuil samhail ghnó inmharthana acu ach a bhféadfadh saincheisteanna sócmhainneachta mar gheall ar ghéarchéim COVID-19 a bheith rompu. Ligeann an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta do chuideachtaí den sórt sin tionchar na géarchéime a fhulaingt trí thacaíocht sócmhainneachta shealadach.

Tá an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta comhlántach le cláir eile de chuid an Aontais atá dírithe ar thionchar ghéarchéim COVID-19 a mhaolú nó ar an ngeilleagar a athsheoladh de réir mar a mhaolaíonn géarchéim COVID-19. Cuireann sé go háirithe leis an tacaíocht do FBManna a chuirfear ar fáil trí (i) chúnamh téarnaimh don chomhtháthú (REACT-EU), lena gcuirfear tacaíocht tús-ualaithe ar fáil freisin do FBManna; agus (ii) an Ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 a bheith á bunú ag BEI a mbeidh ráthaíocht ó na Ballstáit mar bhonn aige. Ina theannta sin, cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil ó 2021 ar aghaidh le hionú FBM a threisiú faoi InvestEU.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta i gcomhréir le beartais ábhartha an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, Plean Infheistíochta don Eoraip Inbhuanaithe agus na beartais earnála a bhaineann le tacaíocht infheistíochta.

Ba cheart go mbeadh coinníollacha na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta i gcomhréir le rialacha státhabhrach chun cothroime iomaíochta a áirithiú agus chun éascú a dhéanamh ar theaglamaí a d'fhéadfadh a bheith ann

³ Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

⁴ C(2020)1863 final, arna leasú le C(2020)3156 final.

leis an tacaíocht a chuireann na Ballstáit ar fáil go díreach. Ina theannta sin, tugtar aird chuí ar chineál Eorpach na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta agus ar bhainistíocht neamhspleách na gcistí agus feithiclí eile.

Socrófar ráthaíocht AE chun aon saobhadh míchuí ar an iomaíocht a sheachaint, toisc go mbeadh sé teoranta d'aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le suíomh caipítíl cuideachtaí a athbhunú, nach raibh i gcrúachas roimh an ráig COVID-19 agus a bhfuil rioscaí suntasacha sócmhainneachta ag bagairt orthu mar gheall ar an ngéarchéim. Thairis sin, beidh infheisteoirí príobháideacha plódaithe isteach agus spreagfar teacht chun cinn cistí agus feithiclí nua. Cuirfear loighic tráchtála i bhfeidhm maidir le cinntí maidir le maoiniú agus maidir le bainisteoirí neamhspleácha cistí atá faoi riaradh tráchtála agus roghnóidh siad cuideachtaí a bhfuil ionchais leordhóthanacha acu maidir le filleadh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

- **Bunús dlí**

Leasaítear leis an togra Rialachán CEIS, agus mar sin tá an bunús dlí céanna infheidhme.

- **Coimhdeacht**

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach, agus is fearr is féidir leis an Aontas iad a bhaint amach. Mar gheall ar na difríochtaí i gcumas fioscach na mBallstát gníomhú, is fearr is féidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, de bharr a fairsinge agus a héifeachtaí. Go sonrach, le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, beifear in ann saobhadh sa mhargadh inmheánach a fhrithchothromú, ar saobhadh é a tharlaíonn de bharr acmhainneacht fhioscach éagsúil na mBallstát aonair cúnaimh Stáit a chur ar fáil do thacaíocht sócmhainneachta dá gcuideachtaí agus chomh maith leis sin chun gur féidir le slabhraí soláthair idirnasctha sa mhargadh inmheánach feidhmiú le níos lú cur isteach trí fhéimheachtaí cuideachtaí inmharthana a sheachaint. Thairis sin, fágfaidh sé go mbeidh barainneachtaí scála in úsáid ráthaíocht buiséid an Aontais in éineacht le maoiniú Ghrúpa BEI trí infheistíocht phríobháideach a spreagadh san Aontas ar fad.

- **Comhréireacht**

Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach. Tá sé beartaithe tacú le cuideachtaí agus le tionscadail atá thíos le hiarmhairtí eacnamaíocha phaindéim COVID-19, a bhfuil tionchar aige ar na Ballstáit go léir. Trí leas a bhaint as cistí príobháideacha do thacaíocht sócmhainneachta in éineacht le cistí poiblí, déantar acmhainní buiséadacha a ghíaráil ar bhealach éifeachtúil agus comhréireach.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Is cuid den phacáiste é an togra seo chun iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha phaindéim COVID-19 a chomhrac agus is beart géarchéime é.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle é a ghlacadh go tráthúil, ní fhéadfaí comhairliúchán le geallsealbhóirí a dhéanamh.

- **Measúnú tionchair**

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Méadófar ráthaíocht AE a chuirtear ar fáil faoi Rialachán CEIS ó EUR 26 billiún go EUR 92,4 billiún. I gcomhréir leis an riosca measta a bhaineann leis an bpunann a bheidh le cruthú faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta meastar go bhfuil gá le soláthar ag 50 % den sciar de ráthaíocht AE a shanntar don tríú ionú sin, rud a léiríonn an riosca níos airde a bhaineann leis na hinfheistíochtaí spriocdhírthe sna dálaí eacnamaíocha reatha. Ina theannta sin, is léir ó mhéid shuntasach ráthaíocht AE agus ó na cineálacha idirghabhála atá beartaithe go bhfuil gá le cur chuige soláthair coimeádach. Ciallaíonn sé sin gur EUR 33,2 billiún a bheidh sa soláthar breise i ndáil le ráthaíocht mhéadaithe AE. Ar an iomlán, déanfar ráta soláthair chiste ráthaíochta AE a thabhairt go 45,8 % d'oibleagáidí iomlána ráthaíocht AE. Dá bhrí sin, ba cheart EUR 33,2 billiún a chur le ciste ráthaíochta CEIS, agus ar an gcaoi sin EUR 42,3 billiún san iomlán a bheith ann.

Bainfear leas as na hacmhainní breise trí na huasteorainneacha a mhéadú faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 agus trí mhaoiniú a chuirfear ar fáil tríd an Ionstraim Eorpach don Téarnamh bunaithe ar chumhachtú dá bhforáiltear sa Chinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse.

Beidh suim shonrach EUR 100 milliún ag teastáil chun costais oibriúcháin a chlúdach a bhaineann le bunú agus bainistiú na struchtúr (cistí cothromais, meáin shainchuspóireacha, ardáin infheistíochta agus eile) trína gcuirfear an tacaíocht faoin ionú sócmhainneachta ar fáil agus le haghaidh seirbhísí gaolmhara comhairleacha agus cúnamh teicniúil, go háirithe chun tacú le claochlú glas agus digiteach cuideachtaí arna maoiniú faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta.

Beidh clúdach airgeadais suas le EUR 500 milliún sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil athbhreithnithe don tréimhse reatha de dhíth ar rannpháirtíocht an Aontais i méadú caipitil féideartha (in bhabhta amháin nó níos mó) de chuid CEI. Baineann sé sin le sciar an Aontais den mhéadú caipitil a íoctar isteach. Ba cheart go bhféadfadh an tAontas a sciar foriomlán de chaipiteal CEI a choinneáil ar bun.

Cuirtear tuilleadh faisnéise buiséadaí ar fáil sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfidh BEI an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta chun feidhme go díreach nó trí CEI. Leagfar síos na socruithe faireacháin agus tuairiscithe sa chomhaontú ráthaíochta agus beidh siad i gcomhréir leis na ceanglais atá ann cheana. Áireofar leis an bhfaireachán príomhtháscairí feidhmíochta chun an dul chun cinn a rianú i dtreo cuspóirí an ionú tacaíochta sócmhainneachta a bhaint amach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Mínítear na forálacha sonracha i gCaibidil ábhartha de Rialachán CEIS.

Caibidil II

Bunaítear an tríú ionú (ionú tacaíochta sócmhainneachta) faoi CEIS.

Sainmhíníonn na critéir chun ráthaíocht AE a úsáid faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta nach bhféadfadh na cuideachtaí agus na tionscadail atá i dteideal leas a bhaint as ráthaíocht AE faoin ionú a bheith i gcrúachas i dtéarmaí státhabhrach ag deireadh 2019, ionas go mbeidh ráthaíocht an AE dírithe ar thacaíocht sócmhainneachta a chur ar fáil chun cabhrú leo teacht slán ón ngéarchéim mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Cuimsíonn cuideachtaí freisin feithiclí sainchuspóireacha, cuideachtaí tionscadail agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha.

Cuirtear an tacaíocht ar fáil trí infheistíochtaí nó cistí, trí mheáin shainchuspóra, trí ardáin infheistíochta nó trí mhodhanna eile idirmheánacha. Moltar comhar le bainc nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh.

Caibidil III agus na Treoirínte Infheistíochta (Iarscríbhinn II)

Le bheith incháilithe do thacaíocht sócmhainneachta, ní mór do chuideachtaí a bheith bunaithe agus ag feidhmiú san Aontas.

Foráiltear gur féidir le BEI agus CEI araon oibríochtaí a chur i gcrích faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta.

Comhlánaítear cuspóirí ginearálta CEIS le tagairt do Mhargadh Glas na hEorpa agus don Straitéis maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú agus don ghá atá le héagothromaíochtaí réigiúnacha a sheachaint mar thoradh ar théarnamh neamhshiméadrach i ndiaidh phaindéim COVID-19.

Socróidh an Bord Stiúrtha aon cheanglais is gá a bhaineann le rialú ar idirghabhálaithe (cistí, meáin shainchuspóra agus eile) i bhfianaise aon tosa oird phoiblí nó slándála poiblí is infheidhme.

Is féidir an tacaíocht a chur ar fáil trí ionstraimí agus táirgí éagsúla, lena n-áirítear trí institiúidí náisiúnta cur chun cinn agus trí bhainc i gcomhréir leis na rialacha Státhabhrach agus idirnáisiúnta is infheidhme.

Is ionann ráthaíocht AE maidir leis an ionú tacaíochta sócmhainneachta agus EUR 66,4 billiún. Tugtar isteach ráthaíocht iomlán AE go EUR 92,4 billiún ar a mhéad. Is ionann an soláthar comhfheagrach (ag ráta soláthair 50 % maidir le méadú ráthaíocht AE) agus EUR 33,2 billiún, rud a fhágann gurb ionann ciste ráthaíochta CEIS agus EUR 42,3 billiún san iomlán. Dá thoradh sin, coigeartaítear an ráta soláthair foriomlán go 45,8 %.

Beidh an tréimhse infheistíochta i ndáil leis an ionú tacaíochta sócmhainneachta ar siúl go ginearálta go dtí deireadh 2024 i dtéarmaí fhormheas an Choiste Infheistíochta agus chomhlachtaí rialaithe BEI/CEI agus go dtí deireadh 2026 i dtéarmaí shíniú na n-oibríochtaí. Mar sin féin, ní mór 60 % de na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a bheith formheasta cheana féin faoi dheireadh 2022.

Formheasann an Coiste Infheistíochta úsáid ráthaíocht AE faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta mar atá faoi láthair i gcás an dá ionú eile. I gcás oibríochtaí a dhéanann CEI, téitear i gcomhairle leis an gCoiste Infheistíochta maidir leis na táirgí airgeadais. A luaithe a bheidh an Coiste Infheistíochta faoin Rialachán InvestEU atá beartaithe i bhfeidhm, beidh sé i gceannas ar ráthaíocht AE a dheonú freisin don ionú tacaíochta sócmhainneachta chun dubailt na struchtúr a sheachaint.

Is é an sprioc atá ann suas le EUR 300 billiún a chur ar fáil san fhíorgheilleagar faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta.

Foráiltear do mhéid ar leith EUR 100 milliún chun costais, seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil atá nasctha le bunú agus bainistiú cistí, feithiclí sainchuspóireacha, ardáin infheistíochta agus feithiclí eile a chumhdach chun críocha na hionstraime um thacaíocht sócmhainneachta. Tacóidh sé freisin le claochlú glas agus digiteach cuideachtaí a mhaoineofar faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta sin.

Déanfaidh an Coimisiún an tacaíocht sin a bhainistiú. Féadfaidh sé cúraimí a chur de chúram ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (MCEI), i gcás inarb iomchuí.

Tugtar sonraí níos teicniúla in Iarscríbhinn II maidir leis na hionstraimí agus na táirgí a bheidh le húsáid agus maidir leis na struchtúir mhaoinithe faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta agus déantar tagairt inti do shocrú sainteorainneacha geografacha comhchruinnithe ag an mBord Stiúrtha.

Caibidil IIIa

Foráiltear sa Chaibidil seo do rannpháirtíocht an Aontais i méaduithe caipitil nó méaduithe caipitil CEI atá le teacht.

Caibidil IV

Beidh cúnamh teicniúil agus tacaíocht chomhairleach ar fáil ón gCoimisiún nó tríd an MCEI chun tacú leis na Ballstáit cistí, feithiclí sainchuspóireacha nó feithiclí eile a bhunú a chomhlíonadh ceanglais ráthaíocht AE, go háirithe do Bhallstáit a bhfuil margaí cothromais neamhfhorbartha acu. Féadfaidh an tacaíocht sin costais a chumhdach freisin chun na cistí nó feithiclí eile a bhunú agus a bhainistiú.

Caibidil V

Déanfar ceanglais shonracha tuairiscithe maidir le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta a leagan síos sa chomhaontú ráthaíochta le BEI.

Caibidil VIII

D'fhonn a áirithiú go gcuirfear an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta i bhfeidhm go tapa, féadfaidh BEI a mholadh don Choiste Infheistíochta tacaíocht a dheonú don ráthaíocht ó AE faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta do ráthaíochtaí nó do mhaoiniú a chuir sé ar fáil sa tréimhse idir an tráth a ghlacfaidh an Coimisiún an togra reachtach seo agus síniú an chomhaontaithe ráthaíochta leasaithe idir an Coimisiún agus BEI. Chun cáiliú do “stórasú” den sórt sin, ní mór do na ráthaíochtaí nó don mhaoiniú ábhartha critéir an ionú tacaíochta sócmhainneachta a chomhlíonadh. Tíolacfaidh BEI togra den sórt sin a luaite a bheidh Rialachán leasaithe CEIS i bhfeidhm.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 a mhéid a bhaineann le cruthú na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 agus Airteagal 173, an tríú mír d'Airteagal 175 agus Airteagal 182(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas

- (1) De réir mheastúcháin an Choimisiúin a fuarthas ó shonraí ar leibhéal cuideachta meastar go bhféadfadh na costais deisithe cothromais a eascroidh as paindéim COVID-19 a bheith thart ar EUR 720 billiún in 2020. D'fhéadfadh an méid sin a bheith níos airde i gcás ina leanfadh bearta dianghlasála d'fheidhm a bheith acu níos faide ná mar a thiomhdítear faoi láthair, nó i gcás ina mbeadh bearta dianghlasála le forchur arís de dheasca athbheochan éillithe. Mura dtugtar aghaidh ar na heasnamh chaipitil sin is é a d'fhéadfadh teacht astu tréimhse fhada d'infheistíocht níos ísle agus d'fhostaíocht níos airde. Ní bheidh tionchar an easnamh caipitil mar an gcéanna ar fud na n-earnálacha agus na mBallstát agus is é rud a thiocfadh as sin neamhréireachtaí sa mhargadh aonair. Is measa fós an neamhréireacht sin toisc go bhfuil difríocht mhór an acmhainneacht státhabhair a chur ar fáil ó Bhallstát go Ballstát.
- (2) I gcomhréir leis an Rialachán [Ionstraim um Théarnamh an Aontais Eorpaigh] (ERI) agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní a leithdháiltear ann, ba cheart bearta éifeachtúla téarnaimh agus athléimneachta faoin ionú um thacaíocht sócmhainneacht an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Ba cheart na hacmhainní breise sin a úsáid ar bhealach ina n-áiritheofaí go gcomhlíonfaí na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [EUR].
- (3) D'fhonn iarmhairtí eacnamaíocha tromchúiseacha phaindéim COVID-19 san Aontas a chomhrac, maidir le cuideachtaí a mbíonn deacrachtaí de dheasca na géarchéime eacnamaíche a d'eascair as an bpaindéim agus nach bhféadann tacaíocht

⁵ IO C [...], [...], lch. [...].

⁶ IO C [...], [...], lch. [...].

leordhóthanach a fháil trí mhaoiniú margaidh, ná trí bhearta a dhéanann na Ballstáit, ba cheart saoráid tacaíochta sócmhainneachta a sholáthar dóibh ar bhonn práinne faoi Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta ar cheart í a chur ar fáil mar thriú ionú faoi CEIS.

- (4) Ba cheart cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht faoin Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta a bheith bunaithe agus ag oibriú san Aontas, is é sin le rá nach mór a n-oifig chláraithe a bheith i mBallstát acu agus nach mór iad a bheith gníomhach san Aontas agus gníomhaíochtaí substainteacha ar bun acu i dtéarmaí foirne, monaraíochta, taighde agus forbartha, agus gníomhaíochtaí gnó eile san Aontas. Ba cheart dóibh freisin gníomhaíochtaí a shaothrú a thacaíonn le cuspóirí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh samhail ghnó inmharthana acu agus nach mbeadh deacracht acu i dtéarmaí an chreata státhabhrach⁷ cheana féin ag deireadh 2019. Ba cheart tacaíocht a dhíriú ar chuideachtaí incháilithe atá ag feidhmiú sna Ballstáit sin agus sna hearnálacha is mó atá buailte ag géarchéim COVID-19 agus/nó i gcás ina bhfuil infhaighteacht tacaíochta sócmhainneachta Stáit níos teoranta.
- (5) Ba cheart ráthaíocht AE a dheonaítear don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) a mhéadú EUR 66 436 320 000 chun an tríú ionú de CEIS – an t-ionú um thacaíocht sócmhainneachta — a chruthú faoinar cheart tacaíocht sócmhainneachta a chur ar fáil.
- (6) Ba cheart soláthar ráthaíocht AE a mhéadú dá réir sin. I bhfianaise ardleibhéal riosca na n-oibríochtaí infheistíochta agus maoiniúcháin faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta ba cheart ráta foriomlán soláthair CEIS a choigeartú go 45,8 %.
- (7) Le méid ráthaíocht AE a bheidh ar fáil faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta meastar go slógfar infheistíocht suas le EUR 300 000 000 000 san fhíorgheilleagar.
- (8) Ba cheart modhanna seachadta na tacaíochta a bheith solúbtha i bhfianaise an ghá atá le réitigh éagsúla i mBallstáit éagsúla. Ba cheart go gcuimseofaí iontu, *inter alia*, maoiniú Ghrúpa BEI, nó ráthaíocht nó infheistíocht i gcistí atá ann cheana faoi bhainistiú neamhspleách nó i meáin shainchuspóra a infheistíonn, ina dhiaidh sin, i gcuideachtaí incháilithe. Anuas air sin, d'fhéadfaí an tacaíocht a sheoladh trí bhithin cistí nuabhunaithe faoi bhainistiú neamhspleách, lena n-áirítear trí fhoirne chéaduaire nó meáin shainchuspóra a chuirfí ar bun ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal réigiúnach d'fhonn leas a bhaint as ráthaíocht AE chun infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí incháilithe. D'fhéadfaí ráthaíocht AE a úsáid freisin chun idirghabháil ag banc nó institiúid náisiúnta le haghaidh spreagtha a mhaoiniú agus a ráthú i gcomhréir le rialacha státhabhrach in éineacht le hinfeisteoirí chun tacú le cuideachtaí incháilithe. Ba cheart saobhadh míchuí iomaíochta sa mhargadh inmheánach a sheachaint.
- (9) Na cistí cothromais, meáin shainchuspóra, ardáin infheistíochta agus bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, ba cheart go gcuirfí ar fáil leosan cothromas nó cuasachothromas (amhail fiachas hibrídeach, stoc tosaíochta nó cothromas in-chomhshóite) do chuideachtaí incháilithe ach, maidir le heintitis a dhíríonn ar cheannach amach (nó ar athsholáthar caipitil) a bhfuil scamhadh sócmhainní beartaithe leo, ba cheart iadsan a eisiáimh.

⁷ Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

- (10) Ba cheart na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a ailíniú le tosaíochtaí beartais reatha an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip agus an straitéis maidir le múnlu thodhchaí dhigiteach na hEorpa. Ba cheart díriú freisin ar ghníomhaíochtaí trasteorann freisin.
- (11) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le hoibríochtaí airgeadais agus infheistíochta faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachtaí roimh dheireadh 2024 agus maidir le 60 % d'oibríochtaí airgeadais agus infheistíochta roimh dheireadh 2022 chun go bhféadfar freagairt mhear a dhéanamh don ghéarchéim eacnamaíoch arb í paindéim COVID-19 is cúis léi.
- (12) Ionas go bhféadfar tacaíocht a sheoladh chuig an ngeilleagar Eorpach trí bhithin an Chiste Eorpaigh Infheistíochta ba cheart é a bheith ar chumas an Choimisiún a bheith rannpháirteach i gceann amháin de mhéaduithe caipítíl CEI nó níos mó ná sin chun go bhféadfaidh sé leanúint de thacú leis an ngeilleagar Eorpach agus lena théarnamh. Ba cheart go bhféadfadh an tAontas a sciar foriomlán de chaipíteal CEI a choinneáil ar bun. Chuige sin ba cheart foráil maidir le himchlúdach airgeadais leordhóthanach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse atá ann faoi láthair.
- (13) Ba cheart suim 100 000 000 EUR a bhunú chun tacú le cistí infheistíochta, meáin sainchuspóra agus ardáin infheistíochta a bhunú agus a bhainistiú sna Ballstáit, go háirithe sna Ballstáit sin nach bhfuil margaí cistí cothromais forbartha acu agus chun tacú le claochlú glas agus claochlú digiteach cuideachtaí a mhaoineofar faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.
- (14) Ba cheart an Coiste Infheistíochta faoi Rialachán InvestEU a bheith freagrach as ráthaíocht AE a dheonú freisin faoin Rialachán seo nuair a bheidh sé curtha ar bun.
- (15) Foráiltear le hAirteagal 137(2) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach nach mbeidh an Ríocht Aontaithe ná tionscadail atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe incháilithe ach amháin le haghaidh oibríochtaí airgeadais a rátháíodh le buiséad an Aontais faoi CEIS a ndearnadh formheas air ag eintitis agus comhlachtaí, lena n-áirítear BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta ('CEI'), nó ag daoine ar cuireadh de chúram orthu cuid de na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Anuas air sin, le hAirteagal 143(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar cuirtear teorainn le dliteanas na Ríochta Aontaithe i leith a sciar de dhliteanais theagmhasacha an Aontais i leith na ndlitéanas teagmhasach sin a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais arna gcinneadh ag an Aontas roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Beidh feidhm ag aon dliteanas teagmhasach ar an Aontas faoin Rialachán seo tar éis dháta tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart gan feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis an Ríocht Aontaithe ná sa Ríocht Aontaithe.
- (16) Rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), beidh feidhm acu maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna, cur chun feidhme indíreach, agus déantar foráil leo maidir le seiceálacha i dtaobh freagracht gníomhaithe airgeadais. Ina theannta sin, na rialacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 322 CFAE, baineann siad freisin le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás easnamh ginearálaithe maidir le smacht reachta sna Ballstáit, ós rud é gur

réamhchoinníoll riachtanach urramú an smachta reachta i dtaca le bainistíocht fhónta airgeadais agus cistiú éifeachtach de chuid an Aontais.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 2015/1017 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2015/1017 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 2, cuirtear an pointe (9) seo a leanas isteach:

‘(9) ‘ciallaíonn ‘cuideachtaí’ chun críocha an ionú um thacaíocht sócmhainneachta cuideachtaí, cuideachtaí tionscadail, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus struchtúir dhlíthiúla eile.’
- (2) In Airteagal 3, cuirtear pointe (c) seo a leanas isteach:

‘(c) sócmhainneacht cuideachtaí atá bunaithe i mBallstát agus atá ag oibriú san Aontas.’
- (3) In Airteagal 4, leasaítear pointe (iv) de phointe (a) de mhír 2 mar a leanas:

‘praghsáil oibríochtaí faoi ráthaíocht AE atá le bheith i gcomhréir le beartas praghsála BEI; le haghaidh an ionú um thacaíocht sócmhainneachta, féadtar socruithe eile a chomhaontú;’
- (4) In Airteagal 5, cuirtear fomhír eangaithe leis an bhfomhír dheiridh de mhír 1 mar a leanas:

‘— tacaíocht le haghaidh cistí, meáin shainchuspóra, ardáin infheistíochta, ardáin infheistíochta nó socruithe eile faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.’
- (5) I mír 1 d’Airteagal 6, cuirtear an fhomhír seo a leanas le pointe (a):

‘Mar sin féin, ní dheonófar tacaíocht faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta ach amháin i gcás ina dtéann sí chun tairbhe cuideachtaí nach raibh i gcrúachas i dtéarmaí státhabhrach⁸ cheana féin ag deireadh 2019 ach a bhfuil rioscaí suntasacha sócmhainneachta acu ó shin de dheasca na géarchéime arbh í paindéim COVID-19 is cúis léi;’
- (6) In Airteagal 6, cuirtear isteach mír 3 mar a leanas:

‘3. D’ainneoin mhír 2, féadtar na fo-oibríochtaí a dhéanann idirghabhálaithe maoiniúcháin agus infheistíochta a theorannú do mhéid íosta in oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.’
- (7) Cuirtear pointe nua (e) le mír 2 d’Airteagal 7:

‘an treoir dá dtagraítear i Roinn 6 pointe d d’Iarscríbhinn II.’
- (8) In Airteagal 8, cuirtear an tríú mír isteach mar a leanas:

⁸ Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

‘D’ainneoin na chéad mhíre, is le cuideachtaí a bunaíodh i mBallstát agus atá ag oibriú san Aontas, agus leosan amháin, a fhéadtar tacú trí bhíthin na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.’

- (9) In Airteagal 9, cuirtear an dara habairt leis an gcéad fhomhír de mhír 2 mar a leanas:
- ‘Deonófar ráthaíocht AE chomh maith d’oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a dhéanfaidh CEI faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.’
- (10) In Airteagal 9, leasaítear an abairt réamhráiteach den tríú fhomhír de mhír 2 mar a leanas:
- ‘Beidh na hoibríochtaí i gceist comhsheasmhach le beartais an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip⁹ agus an straitéis maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa,¹⁰ chomh maith le tacú le téarnamh cuimsithe siméadrach tar éis phaindéim COVID-19 agus tacóidh siad le haon cheann de na cuspóirí ginearálta seo a leanas:’
- (11) In Airteagal 9, cuirtear pointe (j) leis an tríú fhomhír de mhír 2 mar a leanas:
- ‘(j) tacaíocht sócmhainneachta faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta do chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(c) lena dtugtar tacaíocht d’aon cheann de na cuspóirí dá dtagraítear sa mhír seo.’
- (12) In Airteagal 9, scriostar an fhomhír dheiridh de mhír 2 agus cuirtear mír 2a nua isteach mar seo a leanas:

Agus cineál éileamh-bhunaithe CEIS á thabhairt ar aird déanfaidh BEI an méid seo a leanas:

- (a) é a bheith mar sprioc aige go dtabharfar, le 40 % ar a laghad de mhaoiniú CEIS faoin ionú bonneagair agus nuálaíochta, tacaíocht do chomhphárteanna tionscadail a rannchuidíonn le gníomhú ar son na haeráide, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh ag an 21ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP21). Ní dhéanfar maoiniú CEIS do FBManna ná do chuideachtaí beaga lárchaipitlithe a áireamh sa ríomh sin. Bainfidh BEI úsáid as a mhodheolaíocht a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta chun na comhphárteanna tionscadail maidir le gníomhú ar son na haeráide nó na sciartha costais sin a shainaithint;
- (b) a áirithiú go ndéanfar formhór mhaoiniúchán CEIS faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta a úsáid chun tacú le cuideachtaí incháilithe sna Ballstáit agus sna hearnálacha is mó atá buailte go heacnamaíoch le paindéim COVID-19;
- (c) a áirithiú go ndéanfar formhór mhaoiniúchán CEIS faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta a úsáid chun tacú le cuideachtaí incháilithe sna Ballstáit ina bhfuil infhaighteacht tacaíochta sócmhainneachta Stáit níos teoranta.

Cuirfidh an Bord Stiúrtha, i gcás inar gá, treoir mhionsonraithe ar fáil maidir le pointí (a) go (c).

- (13) In Airteagal 9, leasaítear pointí (a) agus (b) de mhír 3 mar a leanas:

⁹ COM(2019)640 final.

¹⁰ COM(2020)67 final.

‘(a) an 31 Nollaig 2020, faoin ionú bonneagair agus nuálaíochta i gcás oibríochtaí BEI a mbeidh conradh sínithe ina leith idir BEI agus an tairbhí nó an t-idirghabhálaí airgeadais faoin 31 Nollaig 2022;

(b) an 31 Nollaig 2020, faoi ionú FBM i gcás oibríochtaí CEI a mbeidh conradh sínithe ina leith idir BEI agus an tairbhí nó an t-idirghabhálaí airgeadais faoin 31 Nollaig 2022;’

(14) In Airteagal, 9 cuirtear pointe (c) le mír 3 mar a leanas:

‘(c) An 31 Nollaig 2024, maidir le hoibríochtaí BEI nó CEI faoi ráthaíocht AE le haghaidh an ionú um thacaíocht sócmhainneachta dá dtagraítear sa tríú fomhír d’Airteagal 11(1). Faoin 31 Nollaig 2026, beidh conartha idir BEI nó CEI agus tairbhí nó idirghabhálaí airgeadais na n-oibríochtaí sin faoi réir fhormheas chomhaltaí rialála BEI nó CEI i gcomhréir le hAirteagal 4(6) de Rialachán [EURI].’

(15) In Airteagal 10, leasaítear pointí (b) agus (c) de mhír 2 mar a leanas:

‘(b) Cistiú nó ráthaíochtaí BEI le CEI ionas gur féidir leis tabhairt faoi iasachtaí, ráthaíochtaí, contra-ráthaíochtaí, aon fhoirm eile d’ionstraim feabhsaithe creidmheasa, ionstraimí margaidh caipitil agus rannpháirtíochtaí cothromais nó cuasachothromais, lena n-áirítear i bhfabhar baine nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, ardáin infheistíochta nó cistí infheistíochta, cistí nó meáin sainchuspóra;

(c) ráthaíochtaí BEI le baine nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, d’ardáin infheistíochta, do chistí infheistíochta nó do mheáin shainchuspóra faoi chontra-ráthaíocht de chuid ráthaíocht AE.’

(16) In Airteagal, 10 cuirtear an tríú fomhír le mír 2 mar a leanas:

‘De thoradh na n-ionstraimí incháilithe faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta cuirfear cothromas nó cuasachothromas ar fáil do chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(c). Féadfar ionstraimí hibrídeacha a úsáid i gcomhréir le hlarscríbhinn II má chomhlíonann na hionstraimí sin cuspóir an ionú.’

(17) In Airteagal, 10 cuirtear an dara habairt le mír 4 mar a leanas:

‘Faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta féadfaidh CEI ráthaíocht a dheonú do chistí agus do mheáin shainchuspóra.’

(18) in Airteagal 10, cuirtear isteach mír 5 mar a leanas:

‘Bunófar na hidirghabhálaithe faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta i mBallstát agus oibreoidh siad san Aontas. Socróidh an Bord Stiúrtha aon cheanglais is gá a bhaineann le rialú ar idirghabhálaithe (cistí, meáin shainchuspóra agus eile) i bhfianaise aon tosa oird phoiblí nó slándála poiblí is infheidhme

(19) Leasaítear Airteagal 11(1) mar a leanas:

‘1. Ní bheidh ráthaíocht AE, ag am ar bith, níos mó ná EUR 92 436 320 000 a bhféadfar cuid de a leithdháileadh ar chistiú BEI nó ráthaíochtaí BEI le CEI i gcomhréir le mír 3 nó faoi réir an ionú um thacaíocht sócmhainneachta.

Leithdháilfear suas le EUR 66 436 320 000 de ráthaíocht AE ar oibríochtaí faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.

Leithdháilfear suas le EUR 56 476 320 000 den mhéid dá dtagraítear sa dara fomhír ar bhearta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [EURI] agus ní chuirfear ar fáil é ach amhail ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 4(3) den Rialachán sin.

Glaníocaíochtaí comhiomlána as buiséad ginearálta an Aontais faoi ráthaíocht AE, ní bheidh siad níos mó ná EUR 92 436 320 000 agus ní bheidh siad níos mó ná EUR 26 000 000 000 roimh *[dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.'

- (20) In Airteagal 11(3), déanfar an chéad abairt a leasú mar a leanas:

‘3. I gcás ina gcuirfidh BEI cistiú nó ráthaíochtaí ar fáil faoi ionú FBM do CEI chun oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta BEI a dhéanamh, déanfaidh ráthaíocht AE foráil maidir le ráthaíocht iomlán ar an gcistiú nó ar na ráthaíochtaí sin suas le suim tosaigh EUR 6 500 000 000, ar choinníoll go ndéanfaidh BEI maoiniú nó ráthaíochtaí suas le EUR 4 000 000 000 ar a laghad a chur ar fáil de réir a chéile gan cumhdach ó ráthaíocht AE.’

- (21) In Airteagal 11, leasaítear an dara fomhír de mhír 6 mar seo a leanas:

‘Le ráthaíocht AE, cumhdófar freisin na méideanna dá dtagraítear sa tríú agus sa cheathrú fomhír d’Airteagal 9(6).’

- (22) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

- (a) I mír 2, cuirtear an pointe nua (e) leis:

‘(e) EUR 28 238 160 000 as an méid dá dtagraítear i bpointe (ii) d’Airteagal 3(2)(c) de Rialachán [EURI].’

- (b) I mír 3, cuirtear an dara fomhír isteach:

‘Is é a bheidh i ndearlaic leis an gciste ráthaíochta dá bhforáiltear i bpointe(e) de mhír 2 den Airteagal seo ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.’

- (c) Leasaítear mír 5 mar a leanas:

‘5. Beidh dearlaicí leis an gciste ráthaíochta dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) de mhír 2 agus dearlaic dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 2 á n-úsáid chun leibhéal iomchuí (spriocmhéid) a bhaint amach ionas go léireofaí oibleagáidí iomlána ráthaíocht AE. Déanfar an spriocmhéid a shocrú ag 45,8 % d’oibleagáidí iomlána ráthaíocht AE.’

- (d) Leasaítear mír 7 mar a leanas:

‘7. Ón 1 Eanáir 2028, más rud é go dtiteann leibhéal an chiste ráthaíochta faoi bhun 50 % den spriocmhéid, de dheasca glaonna ar ráthaíocht AE, nó, de réir measúnaithe riosca ón gCoimisiún, go bhféadfadh sé go dtitfidh sé faoi bhun an leibhéil sin laistigh de bhliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil isteach faoi aon bhearta eisceachtúla a bhféadfadh gá a bheith leo.’

- (e) Leasaítear mír 10 mar a leanas:

‘10. I gcás ina mbeidh ráthaíocht AE tugtha ar ais go hiomlán de mhéid EUR 92 436 320 000, déanfar aon mhéid sa chiste ráthaíochta de bhreis ar an spriocmhéid a íoc le buiséad ginearálta an Aontais.’

- (23) In Airteagal 13, leasaítear an dara habairt mar a leanas:

‘Más gá, féadfar leithreasáí íocaíochta a iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh tréimhse thar 2020 agus suas go dtí an bhliain airgeadais 2027, agus an bhliain sin san áireamh, chun na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 12(5) a chomhlíonadh.’

- (24) Cuirtear Caibidil IIIa isteach mar a leanas:

‘Airteagal 13a

Rannpháirtíocht i méadú caipitil ar an gCiste Eorpach Infheistíochta

Suibscríobhfaidh an tAontas do scaireanna sa mhéadú ar chaipiteal an Chiste Eorpaigh Infheistíochta ionas nach dtiocfaidh athrú ar a sciar coibhneasta den chaipiteal. Déanfar na scaireanna a shuibscríobh agus suas le EUR 500 000 000 den chuid de na scaireanna a íocadh a íoc i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a ndéanfar a fhormheas ag Cruinniú Ginearálta an Chiste.’

(25) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

a) I mír 2, cuirtear an pointe (i) seo a leanas isteach:

‘(i) tacaíocht a chur ar fáil d’oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.’

b) Leasaítear mír 3 mar a leanas:

‘Beidh seirbhísí MCEI ar fáil do thionscnóirí tionscadal poiblí agus príobháideach, lena n-áirítear bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, ardáin infheistíochta, cistí, meáin shainchuspóra agus eintitis phoiblí réigiúnacha agus áitiúla.’

(26) Cuirtear an tAirteagal 14a seo a leanas isteach;

‘Airteagal 14a

Seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil a mhaoiniú

Cuirfear suim suas le EUR 100 000 000 ar fáil chun costais, seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach chun cistí, meáin shainchuspóra, ardáin infheistíochta agus meáin eile a chur ar bun agus a bhainistiú chun críocha an ionú um thacaíocht sócmhainneachta lena n-áirítear don tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (i) d’Airteagal 14(2), agus lena ndíreofar go háirithe ar na Ballstáit nach bhfuil margaí cothromais forbartha acu. Beidh an cúnamh teicniúil ar fáil freisin chun tacú le claochlú glas agus claochlú digiteach cuideachtaí a mhaoineofar faoin ionú sin.

Cuirfidh an Coimisiún an méid sin chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d’Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais.

Is é a bheidh in EUR 80 000 000 den mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais agus beidh sé faoi réir Airteagal 4(4) agus (8) de Rialachán [EURI].

(27) In Airteagal 16, cuirtear an dara fomhír le mír 2 mar a leanas:

‘Déanfar oibríochtaí faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta a thuairisciú ar leithligh, de réir mar is iomchuí agus mar a leagtar amach sa chomhaontú ráthaíochta.’

(28) In Airteagal 16, cuirtear an dara fomhír le mír 3 mar a leanas:

‘Ráitis airgeadais bhliantúla an Aontais, a ullmhófar i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta a ghlactar ag Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 80 de Rialachán Airgeadais (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais. Na ráitis airgeadais gan iniúchadh agus aon fhaisnéis is gá chun cuntais an Aontais a tháirgeadh, cuirfidh

grúpa BEI sin ar fáil faoin 15 Feabhra den bhliain airgeadais ina dhiaidh sin agus ráitis airgeadais iniúchta faoin 31 Márta den bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.’

- (29) In Airteagal 18(3), leasaítear an abairt réamhráiteach mar a leanas:

‘3. Faoin 30 Meitheamh 2018, faoin 30 Nollaig 2021 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.’

- (30) In Airteagal 24, cuirtear míreanna 3 agus 4 isteach mar a leanas:

‘3. Tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo féadfaidh BEI oibríochtaí maoiniúcháin a chur isteach chuig an gCoiste Infheistíochta a ndéanfaidh a chomhlacht rialála formheas orthu le linn na tréimhse idir glacadh an togra ón gCoimisiún chun Rialachán (AE) 2015/2017 a leasú agus síniú an chomhaontaithe ráthaíochta leasaithe a thiocfaidh as an Rialachán leasaithe má chomhlíonann na hoibríochtaí sin na ceanglais maidir le tacaíocht faoin ionstraim um thacaíocht sócmhainneachta. Oibríochtaí a bheidh le cur faoi bhráid an Choiste Infheistíochta, ní mór gan tairbhe a bheith bainte acu as tacaíocht ráthaíocht AE cheana.

‘4. Ón uair a rachaidh an Coiste Infheistíochta dá bhforáiltear i Rialachán Invest EU i mbun a fheidhmeanna beidh sé freagrach freisin as ráthaíocht AE a dheonú faoin Rialachán seo.’

- (31) Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1017 mar a leanas:

- (1) I Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mhír:

‘Níl feidhm ag na treoirlínte infheistíochta ach amháin maidir le hoibríochtaí CEIS a bhaineann le hionstraimí fiachais agus cothromais dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(a) den Rialachán seo agus maidir le hoibríochtaí CEIS faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagail 10(2)(b) agus 10(2)(c). Ar an gcaoi sin níl feidhm ag na treoirlínte maidir le hoibríochtaí CEIS a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(b) cé is moite de na hionstraimí faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta.’

- (2) Leasaítear Roinn 2 mar a leanas:

- (a) I bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘(b) Deonófar ráthaíocht AE chun tacú, go díreach nó go hindíreach, le hoibríochtaí nua a mhaoiniú. I réimse an bhonneagair, ba cheart infheistíochtaí úrnua (cruthú sócmhainne) a spreagadh. Is féidir tacú le hinfheistíochtaí athfhorbraíochta (leathnú agus nuachóiriú sócmhainní láithreacha) freisin. Faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta, beidh sé mar aidhm ag an maoiniú feabhas a chur ar bhonn cothromais cuideachtaí agus ar a sócmhainneacht. Le téarmaí an mhaoiniúcháin ba cheart saobhadh iomaíochta idir na cuideachtaí a sheachaint. De ghnáth, ní dheonófar ráthaíocht AE chun tacú le hoibríochtaí athmhaoinithe (amhail athchur comhaontuithe iasachta láithreacha nó cineálacha eile tacaíochta airgeadais do thionscadail atá tar éis corprú cheana féin i bpáirt nó go hiomlán), ach amháin, faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta in imthosca eisceachtúla agus an-dlisteanaithe i gcás ina léirítear go gcumasóidh idirbheart den sórt sin infheistíocht nua de mhéid a bheidh ar a laghad coibhéiseach le méid an idirbhirt, ar infheistíocht í a chomhlíonfadh na critéir incháilitheachta agus na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 6 agus in Airteagal 9(2) faoi seach.’

(b) Leasaítear pointe (c) mar a leanas:

‘(c) Tacóidh ráthaíocht AE le raon leathan táirgí a chuirfidh ar chumas CEIS oiriúnú do riachtanais an mhargaidh le linn infheistíocht phríobháideach a spreagadh i dtionscadail, gan airgeadas an mhargaidh phríobháidigh a phlódú. Sa chomhthéacs sin, táthar ag súil go gcuirfidh BEI maoiniú ar fáil faoi CEIS d’fhonn teacht ar sprioc tosaigh foriomlán infheistíochta poiblí nó príobháidí EUR 500 000 000 000 ar a laghad faoin Ionú Bonneagair agus Nuálaíochta agus Ionú FBM in éineacht, lena n-áirítear maoiniú a shlóghtar trí CEI faoi oibríochtaí CEIS a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(b), baine nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh agus trí bhíthin rochtana méadaithe ar mhaoiniú le haghaidh eintitis a bhfuil suas le 3,000 fostaí acu. Beidh ar áireamh sna táirgí incháilithe, *inter alia*¹¹, iasachtaí, ráthaíochtaí/contra-ráthaíochtaí, airgeadas *mezzanine* agus fo-ordaithe, ionstraimí margaidh caipitil lena n-áirítear feabhsú creidmheasa, agus rannpháirtíochtaí cothromais nó cuasachothromais, lena n-áirítear trí bhainc nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, trí ardáin infheistíochta nó trí mheáin shainchuspóra. Sa chomhthéacs sin, ionas go mbeidh réimse leathan infheisteoirí in ann infheistiú i dtionscadail CEIS, beidh ar chumas BEI punanna iomchuí a struchtúró. Faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta is éard a bheidh sna táirgí incháilithe táirgí arb é is toradh leo infheistíocht, cothromas idirghafa nó cuaschothromas a chur ar fáil do chuideachtaí agus do thionscadail ach, maidir le heintitis a dhíríonn ar cheannach amach (nó ar athsholáthar caipitil) a bhfuil scamhadh sócmhainní beartaithe leo, déanfar iadsan a eisiámh. Táthar ag súil go gcuirfidh BEI agus CEI maoiniú ar fáil d’fhonn teacht ar sprioc tosaigh infheistíochta suas le EUR 300 000 000 000 ar a laghad faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta.

(c) I bpointe (d), leasaítear an chéad abairt mar a leanas:

‘(d) Beidh baine náisiúnta nó institiúidí le haghaidh spreagadh, ardáin infheistíochta agus meáin shainchuspóra i dteideal cumhdach a fháil ó ráthaíocht BEI faoi chontra-ráthaíocht ráthaíocht AE i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(c).’

(3) I Roinn 6, cuirtear pointe (d) leis mar a leanas:

‘(d) Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta

- Féadtar ráthaíocht AE a úsáid chun tacú le maoiniú BEI nó CEI, nó ráthaíochtaí le cistí, meáin shainchuspóra nó ardáin infheistíochta, nó infheistíocht iontu, lena n-áirítear trí bhíthin banc le haghaidh spreagadh nó institiúidí nó socrúithe ábhartha eile, lena gcuirtear infheistíocht cothromais agus infheistíocht de chineál cothromais ar fáil i gcuideachtaí.
- Cistí, meáin shainchuspóra nó ardáin infheistíochta lena spriocdhírítear ar chuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí trasteorann laistigh den Aontas agus ar chuideachtaí a bhfuil ardacmhainneacht iontu claochlú

¹¹ Is léiriú neamheisiach é seo ar tháirgí a fhéadfadh a thairiscint trí CEIS.

glas nó digiteach a dhéanamh, déanfar spriocdhíriú orthusan go háirithe faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta.

- Cuirfear maoiniú ar fáil, leis na cistí, na meáin shainchuspóra nó na hardáin infheistíochta, ar théarmaí tráchtála nó ar théarmaí atá i gcomhréir leis an gCreat Sealadach um Státhabhair¹², agus, san am céanna, aird chuí á tabhairt ar chineál Eorpach na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachtaí agus ar bhainistiú neamhspleách na gcistí agus na meán eile.
- Beidh na cistí, na meáin shainchuspóra nó na hardáin infheistíochta faoi bhainistiú tráchtála neamhspleách a dhéanfaidh cinntí infheistíochta nó faoi bhainistíocht neamhspleách atá i neamhthuilleamaí aon infheisteoirí.
- Maidir le cuideachtaí a ndíreofar orthu le cistí, meáin shainchuspóra nó ardáin infheistíochta, spreagfar iad, ionas go gcomhlíonfaidh siad, a mhéid is féidir, íoschoimircí ardchaighdeán sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an treoir a thabharfaidh an Bord Stiúrtha. Ba cheart a bheith san áireamh sa treoir sin forálacha leordhóthanacha maidir le hualach riaracháin míchuí a sheachaint trí mhéid na gcuideachtaí a thabhairt ar aird agus forálacha níos éadroime le haghaidh FBManna a chur san áireamh. Cuideachtaí a bhfuil leibhéal neamhchosanta áirithe acu ar liosta réamhshainithe gníomhaíochtaí atá díobhálach don chomhshaol, agus go háirithe earnálacha a chumhdaítear le Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS), spreagfar iad chun pleananna aistrithe glasa a chur ar bun sa todhchaí. Spreagfar cuideachtaí freisin chun a gclaochlú digiteach a chur chun cinn. Cuirfear cúnamh teicniúil ar fáil chun cuidiú le cuideachtaí chun críoch na n-aistrithe sin.
- Déanfar na hoibríochtaí faoin ionú seo i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha BEI nó CEI. Cuirfear an fhaisnéis ábhartha uile chun an oibríocht a mheasúnú ar fáil do chomhaltaí an Bhoird Stiúrtha agus an Choiste Infheistíochta.
- Déanfar ráthaíochtaí nó infheistíochtaí BEI nó CEI a phraghsáil i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(a)(iv) nó 4(2)(a)(v).’

(4) I Roinn 8, leasaítear pointe (b) mar a leanas:

‘(b) Comhchruinniú Geografach

Ní bheidh oibríochtaí CEIS-thacaithe comhchruinnithe in aon chríoch ar leith ag deireadh na tréimhse infheistíochta lena mbaineann. Chuige sin glacfaidh an Bord Stiúrtha treoirlinnte táscacha maidir le héagsúlú agus comhchruinniú geografach. Féadfaidh an Bord Stiúrtha a chinneadh go modhnófar na teorainneacha táscacha sin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Infheistíochta.

Socróidh an Bord Stiúrtha teorainneacha sonracha éagsúlaithe agus comhchruinnithe faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais Airteagal 9(2a)(b) agus (c) faoi seach agus go

¹²

Teachtairacht ón gCoimisiún: Creat Sealadach um Státhabhair chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig COVID-19 atá ann faoi láthair (C(2020)1863), arna leasú le C(2020) 3156 final.

seachnófar, san am céanna, comhchruinniú iomarcach i líon teoranta Ballstát. Déanfaidh an Bord Stiúrtha breithniú go rialta ar an tionchar eacnamaíoch a bheidh ag paindéim COVID-19 ar na Ballstáit agus ar earnálacha. Ar an mbonn sin féadfaidh an Bord Stiúrtha a chinneadh go modhnófaí na teorainneacha sin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Infheistíochta.

Tabharfaidh an Bord Stiúrtha míniú i scríbhinn do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena chinntí a bhaineann leis na teorainneacha atá táscach agus sonrach ó thaobh an Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta de. Ba cheart go ndíreodh CEIS ar na Ballstáit uile a chumhdach.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 i dtaca le hIonstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta a chruthú

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB¹³

An réimse beartais: Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

Gníomhaíocht ABM: Oibríochtaí agus ionstraimí airgeadais

Chun cuntas mionsonraithe a fháil ar na Gníomhaíochtaí ABB, féach Mír 1.4.2.

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹⁴**

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Tacú le hinfheistíochtaí chun fás a spreagadh agus le tacaíocht sócmhainneachta i gcomhréir le tosaíochtaí buiséadacha an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, Plean Infheistíochta don Eoraip Inbhuanaithe agus na beartais earnála a bhaineann le tacaíocht infheistíochta.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Cuspóir Sonrach 1: Líon oibríochtaí maoinithe agus infheistíochta Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (Grúpa BEI) a mhéadú i réimsí tosaíochta

Cuspóir Sonrach 2: Tacaíocht chomhairleach a thabhairt do chontrapháirtithe poiblí agus príobháideacha maidir le tionscadail infheistíochta a shainaithint, a ullmhú agus a fhorbairt nó tacú le bunú agus bainistiú cistí agus meáin eile chun críocha na hionstraime um thacaíocht sócmhainneachta

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

ECFIN: Oibríochtaí agus ionstraimí airgeadais

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Beifear ag súil go gcuirfidh an togra seo dlús le slógadh na hinfheistíochta EUR 300 000 000 000 san fhíorgheilleagar trí thacú le cuideachtaí a bhfuil

¹³ ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

¹⁴ Dá dtagraítear in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

deacrachtaí eacnamaíocha acu de dheasca na géarchéime san Aontas arb í paindéim COVID-19 is cúis léi.

1.4.4. Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar

Déanfar faireachán ar bhaint amach chuspóirí an togra trí phríomhtháscairí feidhmíochta agus príomhtháscairí faireacháin i gcomhréir leis na socruithe láithreacha a bhaineann leis an Ionú Bonneagair agus Nuálaíochta agus Ionú FBM faoi Rialachán CEIS. Leagfar amach táscairí sonracha don Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta, de réir mar is iomchuí.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Tá molta ag an gCoimisiún a thogra maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a dhaighniú chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha phaindéim COVID-19 do chuideachtaí agus do thionscadail san Aontas. Tá go leor acu ag dul i ngleic le deacrachtaí sócmhainneachta cheana féin i ngeall ar an ngéarchéim agus cuirfear leis na fadhbanna de réir mar a leanfaidh tréimhse na dianghlása ar aghaidh agus beidh tionchar ag na rialacha an scartha shóisialta ar ghníomhaíochtaí gnó i roinnt mhaith earnálacha. D'fhéadfadh na deacrachtaí sin a bheith i bhfeidhm ar feadh i bhfad níos faide ná a chéile.

Is iad na cuideachtaí a dtabharfar tacaíocht dóibh na cuideachtaí sin a raibh samhail ghnó inmharthana acu roimh an ngéarchéim ach bhfuil srian sócmhainneachta orthu de bharr na géarchéime COVID-19. Is é an cuspóir atá leis sin cabhrú leo teacht slán ón tréimhse dheacair seo ionas go mbeidh siad fós ag feidhmiú tráth an téarnaimh.

1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais

Tá sé i gceist leis an togra an saobhadh a bhfuiltear ag súil leis a fhrithchothromú sa Mhargadh Aonair ós rud é go bhféadfadh difríochtaí suntasacha a bheith idir infhaighteacht na mbeart tacaíochta sócmhainneachta do chuideachtaí ar fud na mBallstát agus go bhféadfadh míchothrom iomaíochta a bheith mar thoradh air.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Tá sé beartaithe caiteachas buiséadach a ghíaráil trí ráthaíocht ón Aontas d'fhonn maoiniú príobháideach a mhealladh chun tacú le cuideachtaí san Aontas, mar a rinneadh cheana féin faoi Rialachán CEIS.

1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgiúocht a d'fhéadfadh a bheith ann

Tá an togra i gcomhréir le beartais ábhartha an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, Plean Infheistíochta don Eoraip Inbhuanaithe agus na beartais earnála a bhaineann le tacaíocht infheistíochta.

Tá an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta comhlántach le cláir eile de chuid an Aontais atá dírithe ar thionchar ghéarchéim COVID-19 a mhaolú nó ar an ngeilleagar a athsheoladh de réir mar a mhaolaíonn géarchéim COVID-19. Cuireann sé go háirithe leis an tacaíocht do FBManna a chuirfear ar fáil trí (i) chúnamh téarnaimh don chomhtháthú (REACT-EU), lena gcuirfear tacaíocht tús-ualaithe ar fáil freisin do FBManna; agus (ii) an Ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 a bheith á bunú ag BEI a mbeidh ráthaíocht ó na Ballstáit

mar bhonn aige. Ina theannta sin, cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil ó 2021 ar aghaidh le hionú FBM a threisiú faoi InvestEU.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

x Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

- ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ó 2020 go 2026
- x Tionchar airgeadais ó 2020 go 2027

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe¹⁵

x **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- x ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

x **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- X BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

Beidh Ciste Ráthaíochta CEIS faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún. Is go hindíreach trí BEI a dhéantar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a bhainistiú. Féadfaidh an Coimisiún bainistiú díreach nó indíreach a dhéanamh ar sheirbhísí comhairleacha agus ar chúnamh teicniúil, lena n-áirítear trí BEI.

¹⁵ Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán CEIS, cuirfidh BEI, i gcomhar le CEI más iomchuí, tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoi dhó sa bhliain faoi oibríochtaí maoinithe agus infheistíochta BEI. Chomh maith leis sin, cuirfidh BEI, i gcomhar le CEI más iomchuí, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle uair sa bhliain faoi oibríochtaí maoinithe agus infheistíochta BEI. Faoi 31 Márta gach bliain, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le staid an Chiste Ráthaíochta agus bhainistíocht an chiste sa bhliain roimhe sin a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Chúirt Iniúchóirí.

I gcomhréir le hAirteagal 12 Rialachán CEIS, déanfaidh BEI meastóireacht ar fheidhmiú an CEIS agus tabharfaidh sé a mheastóireacht do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún. Lena chois sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an úsáid a bhaintear as ráthaíocht ó AE agus ar fheidhmiú an Chiste Ráthaíochta agus tabharfaidh sé faisnéis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi. Tá tuarascáil chuimsitheach maidir le feidhmiú CEIS de dhíth gach trí bliana (an chéad cheann eile in 2021), chomh maith le tuarascáil chuimsitheach ar an úsáid a bhaintear as ráthaíocht ó AE agus ar fheidhmiú an Chiste Ráthaíochta.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh

An riosca airgeadais a bhaineann le hoibríochtaí maoinithe agus infheistíochta BEI atá cumhdaithe ag an ráthaíocht ón Aontas, riosca airgeadais nach beag atá ann. Tá seans dáiríre ann go ndéanfar gairmeacha ar an ráthaíocht. Meastar, áfach, go soláthraíonn an Ciste Ráthaíochta an cosaint a theastaíonn ó bhuiséad an Aontais. D'fhéadfadh sé go mbeidh moilleanna leis na tionscadail féin a chur i bhfeidhm nó go mbeidh róchaiteachas orthu.

Fiú má dhéantar é a bhunú ar thoimhdí coimeádacha, d'fhéadfadh costéifeachtúlacht an tionscnaimh a bheith thíos leis dá mbeadh glacadh na n-ionstraimí sa mhargadh neamhleor nó ó dhálaí margaidh a bheith ag athrú le himeacht ama agus laghdú ar an éifeacht iolraitheora a toimhdíodh dá réir.

I gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán CEIS, déanfar acmhainní an Chiste Ráthaíochta a infheistiú. Beidh riosca infheistíochta (e.g. riosca margaidh agus creidmheasa) agus riosca áirithe oibríochtúil i gceist leis na hinfeistíochtaí sin.

2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm

Tá CEIS á rialú ag Bord Stiúrtha, a chinneann treoshuíomh straitéiseach CEIS, na beartais agus na nósanna imeachta oibriúcháin, na rialacha is infheidhme maidir leis na hoibríochtaí leis na hardáin infheistíochta agus leis na bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh agus próifíl riosca CEIS.

Tá cinntí maidir le húsáid thacaíocht CEIS faoin ionú tacaíochta sócmhainneachta le déanamh ag an gCoiste Infheistíochta mar atá faoi láthair i gcás an dá ionú eile. I gcás oibríochtaí a dhéanann CEI, téitear i gcomhairle leis an gCoiste Infheistíochta maidir leis na táirgí airgeadais. Tá saineolaithe neamhspleácha ar an gCoiste Infheistíochta a bhfuil eolas agus taithí acu i réimsí na dtionscadal infheistíochta agus

tá siad freagrach don Bhord Stiúrtha, bord a dhéanann maoirseacht ar chomhlíonadh chuspóirí CEIS.

Tá Stiúrthóir Bainistíochta CEIS ann a bhfuil sé de chúram air bainistíocht a dhéanamh ar CEIS ó lá go lá agus cruinnithe an Choiste Infheistíochta a ullmhú. Tá an Stiúrthóir Bainistíochta freagrach go díreach don Bhord Stiúrtha agus tuairiscíonn sé gach ráithe ar ghníomhaíochtaí CEIS chuig an mBord Maoirseachta. Cheap Uachtarán BEI an Stiúrthóir Bainistíochta, tar éis formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa don iarrthóir a roghnaigh an Bord Stiúrtha.

Déanann an Coimisiún bainistíocht ar shócmhainní an Chiste Ráthaíochta i gcomhréir le Rialachán CEIS agus faoina rialacha inmheánacha agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

In Airteagal 21 de Rialachán CEIS, tá soiléiriú ar inniúlacht na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh ar oibríochtaí a dtacaítear leo faoin tionscnamh seo. Tá rialacha sonracha bunaithe ag Grúpa BEI maidir le comhar le hOLAF i ndáil le cásanna féideartha calaoise, éillithe nó aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile a rachfadh chun dochair leasanna airgeadais na gComhphobal.

Thairis sin, tá rialacha agus nósanna imeachta BEI infheidhme, lena n-áirítear, *inter alia*, Beartas Frithchalaoise BEI.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir Ceannteideal 1a (2014-2020 CAI)]	LD/LN ¹⁶ .	ó thíortha de chuid CSTE ¹⁷	ó thíortha is iarrthóirí ¹⁸	ó thíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
1a	01.010401 Caiteachas tacaíochta don “Chiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Struchtúracha (CEIS)”	LD/LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
1a	01.040101 An Ciste Eorpach Infheistíochta – Scaireanna íoctha de chaipiteal suibscríofa a sholáthar 01.0404 Ráthaíocht don Chiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) 01.040502 Soláthar na Ráthaíochta don “Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)” – Fuinneog Sócmhainneachta 01.040602 Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (MCEI) agus Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta (EIPP) — (Cúnamh teicniúil) – Fuinneog Sócmhainneachta	Difr	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir Ceannteideal 1 (2021-2027 CAI)	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán

¹⁶ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

¹⁷ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

¹⁸ Thíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

						Airgeadais
1	02.0104 Caiteachas tacaíochta don “Chiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Struchtúracha (CEIS)”	LD/LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
1	02.0501 Ráthaíocht don “Chiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha” (CEIS) 02.050202 Soláthar na Ráthaíochta don “Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)” – Fuinneog Sócmhainneachta 02.050302 Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (MCEI) agus Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta (EIPP) — (Cúnamh teicniúil) – Fuinneog Sócmhainneachta	Difr	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil			Uimhir	Ceannteideal 1a (CAI 2014-2020) ansin Ceannteideal 1 (CAI 2021-2027)							
			2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
01.010401 (2020) ina dhiaidh sin 02.0104 Caiteachas tacaíochta don “Chiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Struchtúracha (CEIS)”	Gealltanais = Íocaíochtaí	(3)	2,000	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin		2,000
			2,000	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin		2,000
01.040101 An Ciste Eorpach Infheistíochta – Scaireanna íochta de chaipiteal suibscríofa a sholáthar	Gealltanais		500,000	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin		500,000
	Íocaíochtaí		500,000	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin		500,000
01.0404 (2020) ansin Rátháíocht 02.0501 don “Chiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)”	Gealltanais	(1)	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin		iontráil mheabhráin
	Íocaíochtaí	(2)	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin		iontráil mheabhráin
01.040502 (2020) ina dhiaidh sin 02.050202 Soláthar na Rátháíochta don “Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)” – Fuinneog Sócmhainneachta	Gealltanais	(1)	4.980,000	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	4.980,000
	Íocaíochtaí	(2)	2.490,000	490,000	500,000	500,000	500,000	500,000	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	4.980,000
01.040602 (2020) ina dhiaidh sin 02.050302 Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (MCEI) agus Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta (EIPP) — (Cúnamh teicniúil) – Fuinneog Sócmhainneachta	Gealltanais	(1)	18,000	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	18,000
	Íocaíochtaí	(2)	8,000	10,000	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	18,000

IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chláir	Gealltanais	=1+3	5.500,00 0	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	5.500,000
	Íocaíochtaí	=2+3	3.000,00 0	500,000	500,000	500,000	500,000	500,000	500,000	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	5.500,000

De bhreis ar an imchlúdach airgeadais arna leithdháileadh ar ráthaíocht CEIS faoi Rialachán (AE) 2015/1017 (Rialachán CEIS), beidh EUR 28 318 160 milliún (i bpraghsanna reatha) ar fáil mar ioncaim shannta sheachtracha, de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais mar mhaoiniú ón Ionstraim Eorpach um Théarnamh an Aontais. As sin, féadfar suas le EUR 6,520 milliún a thiomnú do chaiteachas riaracháin, lena n-áirítear costais foirne seachtraí.

Beidh suim shonrach EUR 80 milliún ag teastáil chun costais oibriúcháin a chlúdach a bhaineann le bunú agus bainistiú na struchtúr (cistí cothromais, meáin shainchuspóireacha, ardáin infheistíochta agus eile) trína gcuirfear an tacaíocht faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta ar fáil agus le haghaidh seirbhísí gaolmhara comhairleacha agus cúnamh teicniúil, lena n-áirítear tacaíocht riaracháin. I gcomhréir le forálacha Rialachán EURI, déanfar na gealltanais dhlíthiúla atá cumhdaithe ag ioncam sannta seachtrach a eascraíonn ó iasachtaí a thabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig 2024.

Seo a leanas miondealú tascach an chaiteachais ó ioncam sannta seachtrach:

CEIS- An Ionstraim Sócmhainneachta			2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
Caiteachas oibriochtúil ó ioncaim shannta sheachtracha EURI	Gealltanais	(1)	8.275,120	8.441,120	5.740,120	5.855,280					28.311,640
	Íocaíochtaí	(2)	4.717,773	4.718,773	4.718,773	3.539,080	3.539,080	3.539,080	3.539,080		28.311,640
Caiteachas tacaíochta riaracháin ó ioncaim shannta sheachtracha EURI	Gealltanais = Íocaíochtaí	(3)	1,880	0,880	0,880	0,720	0,720	0,720	0,720		6,520

Iomlán na n-ioncam sannta seachtrach	Gealltanais	=1+3	8.277,000	8.442,000	5.741,000	5.856,000	0,720	0,720	0,720		28.318,160
	Íocaíochtaí	=2+3	4.719,653	4.719,653	4.719,653	3.539,800	3.539,800	3.539,800	3.539,800		28.318,160

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	5 / 7	"Caiteachas riaracháin"
---	-------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2020	Bliain 2021	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: ECFIN										
• Acmhainní daonna										
• Caiteachas riaracháin eile										
IOMLÁN DG ECFIN	Leithreasuithe									

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 5 (2020) / CEANNTIDEAL 7 (2021-2027) den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)									
---	---	--	--	--	--	--	--	--	--	--

IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTIDEAL de na creataí airgeadais ilbhliantúla		2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Tar éis 2027	Iomlán
	Gealltanais										
	Íocaíochtaí										

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.2.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2020	Bliain 2021	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
CEANNTÉIDEAL 5/7 den chreat airgeadais ilbhliantúil									
Acmhainní daonna									
Caiteachas riaracháin eile									
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 5/7 den chreat airgeadais ilbhliantúil									
Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 5/7¹⁹ of the multiannual financial framework									
Acmhainní daonna		0,880	0,880	0,880	0,720	0,720	0,720	0,720	5,520
Caiteachas eile de chineál riaracháin	2	1							3
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil									
IOMLÁN	2	1,880	0,880	0,880	0,720	0,720	0,720	0,720	8,520

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfai a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha. Foireann sheachtrach bhreise agus is as ioncam shannta amháin a mhaoineofar í.

¹⁹ Le haghaidh 2020: Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte “BA”) a chur chun feidhme, taighde indéireach, taighde díreach. Ón mbliain 2021: Ioncam sannta seachtrach.

3.2.2.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain 2020	Bliain 2021	Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)									
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)									
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)									
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)									
10 01 05 01 (Taighde díreach)									
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) ²⁰									
XX 01 02 01 (AC, END, INT ón “imchlúdach iomlánaíoch”)									
XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí)									
XX 01 04 bb ²¹	- sa cheanncheathrú								
	- i dtoscaireachtaí								
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach)									
10 01 05 02 (AC, END, INT - Taighde díreach)									
Línte buiséid eile (ioncam sannta)		11	11	11	9	9	9	9	
IOMLÁN		11	11	11	9	9	9	9	

Is í AS ECFIN, COMP agus BUDG an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséid. Is as ioncaim shannta amháin a mhaoiníofar foireann sheachtrach bhreise.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	–
Pearsanra seachtrach	Oifig thosaigh (doiciméid bheartais a fhorbairt, comhaontú ráthaíochta a ullmhú agus a chaibidlíú, obair leantach agus tuairisciú oibríochtúil, bainistiú cúnamh chomhairligh agus teicniúil); Cúloifig (faireachán ar an gclár agus obair leantach air, lena n-áirítear glaonna ráthaíochta, tuairisciú oibríochtúil agus airgeadais agus gníomhaíochtaí bainistithe ráthaíochtaí eile; faireachán agus tuairisciú ar sheirbhísí comhairleacha agus ar chúnamh teicniúil); Riosca (faireachán a dhéanamh ar phróifíl riosca creidmheasa na bpunann oibríochtaí

²⁰ AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

²¹ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

	faoi ráthaíocht AE, measúnú agus tuairisciú);
--	---

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ²²					
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	
Airteagal							

²²

A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh shiúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.